**Teimpléad Achoimre**

Treoir dhearaidh CHARM-EU maidir le táirge imharthana íosta na timpeallachta fíorúla foghlama

4.4 & 4.5

| **Údair** | Alex Lodder, Daniel Griffin, Vanessa Vigano |
|---|---|

## Achoimre bainistíochta

Tugatar tuairisc sa doiciméad seo ar an bpróiseas agus ar na breithnithe a cuireadh san áireamh agus Timpeallacht Fhíorúil Foghlama (VLE) CHARM-EU agus uirlisí na teicneolaíochta oideachais á ndearadh chun an fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta a éascú i gClár Máistreachta i nDúshláin Dhomhanda don Inbhuanaitheacht, céad chlár píolótach CHARM-EU atá againn. Roghnaíomar Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn (insoláthartha 4.5) agus Seomraí Ranga Hibrideacha (níor sainaithníodh mar insoláthartha roimhe seo é seo ach is léir go bhfuil gá leis mar áis teagaisc agus foghlama in CHARM-EU) a áireamh sa doiciméad seo freisin mar go bhfuil dlúthbhaint chúng eatarthu leis an VLE. Is iad seo a leanas príomhábhair an doiciméid seo:

- Forléargas ar chroí-phrionsabail an VLE agus ar uirlisí oideachais CHARM-EU
- Míniú ar shamhail VLE hibrideach CHARM-EU agus ar an machnamh as ar tháinig ár rogha glacadh leis an samhail seo
- Forléargas ar na ceanglais a bailíodh do chúrsa píolótach na Scoile Geimhridh agus measúnú ar na torthaí
- Forléargas ar na ceanglais a bailíodh do chéim 1 agus do chéim 2 de chúrsa píolótach máistreachta CHARM-EU agus measúnú ar na torthaí
- Ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí le haghaidh eagráin de CHARM-EU nó de chomhoibrithe eile Eorpacha (e.g. Tionscnaimh na nOllscoileanna Eorpacha) a bheidh ann amach anseo

Go ginearálta, measaimid gur éirigh linn VLE & Uirlisí Oideachais, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus seomraí ranga hibrideacha le haghaidh CHARM-EU a eagrú go rathúil. Ar an mórgóir, ba léir go raibh na huirlisí a cuireadh ar fáil sách úsáideach ó thaobh teagasc agus foghlaim a eagrú agus ábhar a sholáthar bunaithe ar phrionsabal na foghlama le cuidiú teicneolaíochta de chuid CHARM-EU. Ba léir gur ghlac an fhoireann teagaisc agus na mic léinn go han-mhaith le roinnt uirlisí agus teicneolaíochtaí (MS Teams, Hybrid Classrooms, cluiche Utrecht2040) agus bhí roinnt eile (Scorion E-Portfolio, MS Whiteboard, MS Translator) úsáideach go pointe áirithe ach d'fhéadfaí iad a fheabhsú tuilleadh. Sna heagráin atá le teacht, moltar na feabhsuithe sna huirlisí sin a aithint nó plé a dhéanamh maidir leis na huirlisí eile a d'fhéadfadh a bheith níos oiriúnaí do CHARM-EU.

Ar deireadh, shainaithníomar roinnt ceachtanna a foghlaimíodh i rith an phróisis inar dearadh an VLE agus na hUirlisí, agus inar tacaíodh leo, le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus le seomraí ranga hibrideacha. Bunaithe ar na ceachtanna seo a foghlaimíodh, tá 3 príomh-mholadh curtha le chéile againn le haghaidh saineolaithe na teicneolaíochta a bheidh ann amach anseo in CHARM-EU. Is iad seo a leanas na moltaí is tábhachtaí:

- Bíodh fiosrú na n-uirlisí teicneolaíochta san oideachas mar cheann de na céimeanna deiridh i ndearadh na modúl, nuair atá níos mó sonraí tugtha maidir le cuspóirí, ábhar agus gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama. Go ginearálta (agus go loighciúil), tagann an teicneolaíocht i dtreo dheireadh an phróisis deartha modúil faoina dtéann an chuid is mó d'Fhoirne Táirgthe Eolais agus modúil nua á bhforbairt acu. Toisc go nglacann an próiseas ina sainaithnítear teicneolaíocht oiriúnach agus ina ndéantar bogearraí a

cheannach, a sheiceáil don chomhlíontacht agus a chomhtháthú sa Timpeallacht Fhíorúil Foghlama go leor ama, ní raibh mórán ama againn réitigh fhéideartha a fhiosrú. Leis sin, cuirtear deiseanna nua ar fáil d'eagráin de chúrsa Máistreachta CHARM-EU a bheidh ann amach anseo.

- Déan cinnte go bhfuil plean soiléir do bhainistiú céannachta agus rochtana ann ón tús. Oibrigh ar idir-inoibritheacht agus ath-inúsáidteacht na gcóras atá ann cheanna i ngach institiúid. Ba léir gur dúshlán don chúrsa píolótach seo a bhí sa Chéannacht Aonair CHARM-EU nó san idir-inoibritheacht idir céannachtaí na n-ollscoileanna comhpháirtíochta agus an timpeallacht TF ach is feabhas suntasach é do chomhoibrithe idir Ollscoileanna Eorpacha a bheidh ann amach anseo.

- Eagraigh an buiséad agus na hacmhainní d'eagráin chláir oideachais CHARM-EU a bheidh ann amach seo. Cuirimid béim ar a thábhachtaí agus atá sé réiteach a aimsiú chun teicneolaíocht fhadtéarmach agus foireann tacaíochta teicneolaíochta a fháil d'eagráin CHARM-EU a bheidh ann amach anseo. Le linn an tionscadail seo, b'éigean do gach ollscoil chomhpháirtíochta dul i ngleic le paindéim COVID-19, rud a chuir go leor brú ar an dtacaíocht theicniúil, agus bhí deacrachtaí ag baint leis an méid sin a eagrú dá bharr.